C/2023/1642

22.12.2023

Fógra le haghaidh na ndaoine a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/2906 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2905 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

(C/2023/1642)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird Bernard Maheshe BYAMUNGU agus Ruvugayimikore PROTOGÈNE, ar daoine iad a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle ([1]), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/2906 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2905 ón gComhairle ([4]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh an bheirt thuasluaite a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a chumhdaítear leis na bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, agus na hiontrálacha comhfhreagracha a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES agus ó Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

Tá na hinsintí is bun leis na liostuithe sin sna hiontrálacha ábhartha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 agus tá siad ar fáil freisin ag an nasc a leanas ar leathanach preasa na Náisiún Aontaithe *Security Council 1533 Sanctions Committee Adds Two Entries to Its Sanctions List*.

Féadfaidh na daoine lena mbaineann, aon tráth, iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh iad a áireamh ar liosta na Náisiún Aontaithe, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ba cheart aon iarraidh den chineál sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Focal Point for De-listing
Security Council Subsidiary Organs Branch
Room DC2 2034
United Nations
New York, N.Y. 10017
United States of America

Teil. +1 917 367 9448

Facs +1 212 963 1300

Rphost: delisting@un.org

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/delisting/delisting-requests

Aon bharúlacha ba mhian leis na daoine lena mbaineann a chur faoi bhráid na Comhairle, ba cheart iad a chur chuig an seoladh a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.
([2]) IO L, 2023/2906, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2906/oj
([3]) IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.
([4]) IO L, 2023/2905, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2905/oj

Cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.